



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2023
(OR. en)

16083/23
PV CONS 60
SOC 832
EMPL 597
SAN 706
CONSOM 433

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

27 agus 28 Samhain 2023

CRUINNÍÚ DÉ LUAIN, AN 27 SAMHAIN 2023

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15633/1/23 REV 1.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) **Liosta neamhreachtach** 15713/23

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 15714/23

Iascach

1. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh**  15160/23
PE-CONS 58/23
PECHE
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d’fhorpheas Coreper, Cuid 1, an 22.11.2023

D’fhorpheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

Teileachumarsáid

2. **Rialachán i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Sonraí)**  15447/23
PE-CONS 49/23
TELECOM
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d’fhorpheas Coreper, Cuid 1, an 22.11.2023

D’fhorpheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

3. **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (CSDR)**  15215/23 + ADD 1
Glacadh an ghnímh reachtaigh PE-CONS 47/23
a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 23.11.2023 EF

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

4. **An Rialachán lena mbunaítear an Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)**  15191/1/23 REV 1
Glacadh an ghnímh reachtaigh + REV 1 ADD 1
a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 23.11.2023 PE-CONS 42/23
EF

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

5. **An Treoir leasaitheach omnibus maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)**  15192/2/23 REV 2
Glacadh an ghnímh reachtaigh + REV 2 ADD 1
a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 23.11.2023 PE-CONS 43/23
EF

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 50, 53, 62 agus 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

6. **An Rialachán leasaitheach omnibus maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)**  15193/1/23 REV 1
Glacadh an ghnímh reachtaigh + REV 1 ADD 1
a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 23.11.2023 PE-CONS 44/23
EF

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

3. **An Seimeastar Eorpach 2024: An chómhargáil ghlas**  15151/23
Díospóireacht bheartais
- a) **Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus dréacht-Mholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**  15627/23
15628/23
15438/23 + ADD 1
15630/23
Cur i láthair ón gCoimisiún

Tar éis don Choimisiún pacáiste an tSeimeastair Fhómhair a chur i láthair, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2024: Cómhargáil ghlas ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 15151/23.

- b) **Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú**  15439/23 + ADD 1
Formhuiniú

D'fhormhuinigh an Chomhairle na príomhtheachtaireachtaí maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, mar a leagtar amach in 15439/23 iad.

4. **Conclúidí maidir leis an daonlathas ag an obair**  15162/23 +
Formheas **15162/1/23 REV 1**
(hu)

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuilleadh daonlathais ag an obair agus cómhargáil ghlas don obair chuibhiúil agus don fhás inbhuanaithe cuimsitheach mar a leagtar amach in 15162/23 iad.

5. **Conclúidí maidir le haistriú na gcóras cúraim**  15421/23
Formheas + ADD 1-2

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir le córais chúraim a aistriú ar feadh an tsaoil i dtreo córais tacaíochta pobalbhunaithe iomlánaíochta agus duinelárnacha a bhfuil gné inscne ag baint leo mar a leagtar amach in 15421/1/23 REV 1.

Leagtar amach na ráitis ón Ungáir agus ón bPolainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

6. **Treoir maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas**  15782/23 + ADD 1
Cur chuige ginearálta

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar a leagtar amach in 15782/23.

Leagtar amach ráiteas ón nGearmáin san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

Gníomhaíochtaí neamhreachta

7. **Conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta CIE Uimh. 20/2023 maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas**  15364/23
Formheas

D'fhorghas an Chomhairle na Conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2023 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa maidir le tacú le daoine faoi mhíchumas mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

8. **Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh an chiníochais 2020-2025**  15471/23
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Aon ghnó eile

9. (a) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 
i) **Treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú** 14450/21
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an gcaibidlíocht leanúnach le Parlaimint na hEorpa.

- ii) **Treoir lena leasaítear Treoracha 98/24/CE agus 2004/37/CE a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití**
Faisnéis ón Uachtaránacht

6417/23 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an gcaibidlíocht leanúnach le Parlaimint na hEorpa.

- (b) **Comhdhálacha na hUachtaránachta**
Faisnéis ón Uachtaránacht

 15660/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ar na comhdhálacha uachtaránachta a chuir an uachtaránacht ar fáil.

- (c) **Bliain Eorpach na Scileanna**
Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún

 15428/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún maidir le Bliain Eorpach na Scileanna.

- (d) **Tograí reachtacha reatha (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**



Rialachán maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le daonra agus tithíocht
Faisnéis ón Uachtaránacht

5588/23 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an Rialachán maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le daonra agus tithíocht.

- (e) **Comhdhálacha na hUachtaránachta**
Faisnéis ón Uachtaránacht

 15660/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ar na comhdhálacha uachtaránachta a chuir an uachtaránacht ar fáil.

(f) Tograí reachtacha reatha (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

- i) Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (Airteagal 19)**
Faisnéis ón Uachtaránacht

 15899/22

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (Airteagal 19).

- ii) Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (Airteagal 157)**
Faisnéis ón Uachtaránacht

 15902/22 + COR 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (Airteagal 157).

(g) Imeachtaí uachtaránachta:



- (i) Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí comhionannais maidir le foréigean in aghaidh na mban**

15660/23

- (ii) Comhdhálacha na hUachtaránachta**
Faisnéis ón Uachtaránacht

15660/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ar na comhdhálacha uachtaránachta a chuir an uachtaránacht ar fáil.

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

- 10. Infheistíocht shóisialta** [2] 15415/23 + COR 1
Díospóireacht bheartais

- a) Infheistíocht shóisialta agus rialacha fioscacha an Aontais** [2] 15415/23 + COR 1
Cur i láthair ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil maidir le hinfeistíocht shóisialta agus rialacha fioscacha an Aontais agus bhí díospóireacht bheartais aici maidir leis an infheistíocht shóisialta faoi threoir an nóta stiúrtha ón uachtaránacht mar a leagtar amach sna doiciméid thuas.

- b) Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le hinfeistíocht shóisialta** [2] 15418/2/23 REV 2 + REV 2 COR 1 (it)
Formhuiniú

D'fhormhuinigh an Chomhairle an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le hinfeistíocht shóisialta mar a leagtar amach in 15418/2/23 REV 2.

San Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo leagtar amach ráitis ón Eastóin, ón Ungáir agus ón Rómáin agus comhráiteas ón Spáinn, ón mBeilg agus ón Ungáir.

- 11. Conclúidí maidir leis an digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta** [2] 14655/23 + COR 1 (hu)
Formheas

Formheasann an Chomhairle na Conclúidí maidir le Digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta, chun feidhmiú na gceart slándála sóisialta san Aontas agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, mar a leagtar amach in 14655/23 iad.

Aon ghnó eile

12. (a) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 

**Athbhreithniú ar na rialacháin maidir le comhordú
na gcóras slándála sóisialta (883/04 agus 987/09)**
Faisnéis ón Uachtaránacht

15642/16
+ ADD 1 REV 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis an athbhreithniú ar na rialacháin maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (883/04 agus 987/09).

- (b) **Comhdhálacha na hUachtaránachta**
Faisnéis ón Uachtaránacht

 15660/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ar na comhdhálacha uachtaránachta a chuir an uachtaránacht ar fáil.

- (c) **An Úcráin: Na forbairtí is déanaí**
Faisnéis ón gCoimisiún

 15704/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an dul chun cinn is déanaí i ndáil leis an Úcráin.

- (d) **An pacáiste maidir le soghluaisteacht scileanna agus tallainne**
Faisnéis ón gCoimisiún

 15701/23
15550/23 + ADD 1
15620/23 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ar an bpacáiste maidir le soghluaisteacht scileanna agus tallainne a chuir an Coimisiún uachtaránacht ar fáil.

(e) **Clár oibre an Choimisiúin 2024**
Faisnéis ón gCoimisiún

2 13917/23 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil ar chlár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024.

(f) **Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta**
Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge

-
- 1** An chéad léamh
 - S** Nós imeachta reachtach speisialta
 - 2** Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha na Comhairle
 - C** Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
-

**Maidir le mír 5 ar
liosta na
míreanna ‘B’:****Conclúidí maidir le haistriú na gcóras cúraim
Formheas****RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíonann an Ungáir an téarma ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’ *sna Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim a aistriú ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnacha agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag gabháil leo.*

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025’ a luaitear *sna Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim a aistriú ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnacha agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag gabháil leo*, a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.’

RÁITEAS ÓN bPOLAINN

‘Is mar cheart bunúsach a chumhdaítear an comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, is mar ‘comhionannas idir mná agus fir’ a dhéanfaidh an Pholainn an nath ‘comhionannas inscne’ a léiriú, agus nathanna eile ag tagairt do ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’, i gcomhréir le hAirteagal 2 agus Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8, Airteagal 153 (1), pointe (i) agus Airteagal 157 (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.’

Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna ‘B’:

Treoir maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas
Cur chuige ginearálta

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘Tá an Ghearmáin tiomanta do chostais an Chárta Míchumais Eorpaigh a choinneáil íseal. I bhfianaise na taithí atá aici ar Chárta Míchumais na Gearmáine, ní fheictear don Ghearmáin go bhfuil aon bhaol ar leith mí-úsáide ann a thabharfadh údar maith le móriarrachtaí teicniúla agus bearta slándála don Chárta Míchumais Eorpach. Ba cheart é sin a chur san áireamh le linn tuilleadh caibidlíochta agus nuair a bheidh na gníomhartha cur chun feidhme is gá á nglacadh. Go háirithe, níor cheart aon holagraim, sliseanna ná a leithéidí, a d’fhágfadh go mbeadh táirgeadh na gcártaí níos costasaí, a dhéanamh éigeantach.

Sa Ghearmáin, tá daoine dalla i dteideal Cárta Páirceála AE a fháil freisin. Chun go mbeidh daoine dalla in ann úsáid a bhaint as Cárta Páirceála an Aontais Eorpaigh, san idirbheartaíocht amach anseo molfaidh an Ghearmáin freisin go dtabharfaí litreacha Braille ar Chárta Páirceála an Aontais ionas gur féidir le daoine lagamhairc idirdhealú a dhéanamh idir é agus cártaí eile.’

Maidir le mír 10 (b) ar liosta na míreanna ‘B’:

Infheistíocht shóisialta
(b) Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le hinfheistíocht shóisialta
Formhuiniú

RÁITEAS ÓN EASTÓIN

‘Tacaíonn an Eastóin go hiomlán leis an tiomantas chun infheictheacht na gné sóisialta sa seimeastar Eorpach a mhéadú. Is mór againn freisin an obair theicniúil go léir a rinne an Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coiste Fostaíochta go comhpháirteach chun a áirithiú go leanfar le ról tábhachtach Chomhairle EPSCO amach anseo.

Mar sin féin, ní léirítear le formhuiniú na tuairime comhpháirtí aon ghealltanais pholaitiúla ná aon tacaíocht pholaitiúil ón Eastóin maidir le breisluach an Chreata um Chóineasú Sóisialta nó maidir lena chomhtháthú le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Thairis sin, ba cheart gach cinneadh maidir leis an seimeastar Eorpach nó le hinfheistíochtaí sóisialta agus an nasc idir iad agus rialacha fioscacha an Aontais a phlé in éineacht le hairí ECOFIN.’

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Creideann an Ungáir go daingean gur breisluach suntasach iad infheistíochtaí sóisialta do bheartais náisiúnta shóisialta agus eacnamaíocha, ar gá iad a mheasúnú go leordhóthanach. Dá réir sin, is díol sásaimh dúinn an obair a rinneadh laistigh den Choiste Fostaíochta (EMCO) agus den Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus táimid suite de gur cinnte go mbeidh a gcomhthuairim maidir le hinfheistíocht shóisialta ina hionchur luachmhar do mhalartuithe na mBallstát ar an ábhar sin.

D’ainneoin fhiúntas na tuairime comhpháirtí, cuireann an Ungáir a himní in iúl maidir leis an nós imeachta bunúsach agus teachtaireachtaí áirithe den doiciméad.

Rinneadh plé sa Choiste Fostaíochta agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta ar bhealach brostaithe. Ar thaobh amháin, ní rabhthas in ann machnamh substaintiúil a dhéanamh a bheadh i gcomhréir le castacht an ábhair, agus, ar an taobh eile, ba é an toradh a bhí air sin tuairim nach léiríonn tuairimí agus cineálacha cur chuige éagsúla na mBallstát. Is é ár dtuairim nach bhfuil an doiciméad chothromaithe go leor, dá bhrí sin d'fhéadfadh sé nach n-áiritheofaí go hiomlán úinéireacht na hUngáire.

Creideann an Ungáir nár cheart tagairt a dhéanamh sa tuairim chomhpháirteach don Athbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch atá ar siúl faoi láthair ná cur isteach air ionas nach ndéanfar difear dá thoradh. Cuireann an Ungáir in iúl freisin gur cúis inní di tagairt don Chreat um Chóineasú Sóisialta nár comhaontaíodh roimhe seo ar leibhéal ar bith, agus pléadh freisin modheolaíocht agus breisluach an Chreata um Chóineasú Sóisialta. Aithnímid, ar an drochuair, go gcuirtear an Creat um Chóineasú Sóisialta i bhfeidhm cheana féin sa dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht a foilsíodh le déanaí laistigh de Phacáiste Fómhair an tSeimeastair Eorpaigh 2024 chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na mBallstát i ndáil le cóineasú sóisialta aníos. D'ainneoin an mhéid thuas, tá eilimintí i míreanna 3, 8 agus 10 den tuairim chomhpháirteach nach gcuireann íogaireachtaí na hUngáire san áireamh.

I bhfianaise a thábhachtaí atá infheistíochtaí sóisialta agus chun a áirithiú go leanfar den obair i ndáil leis sin, ní chuireann an Ungáir i gcoinne fhormhuiniú na tuairime comhpháirtí. Ag an am céanna, ní hionann ár bhformhuiniú agus tiomantas polaitiúil don Chreat um Chóineasú Sóisialta, ná a chomhtháthú féideartha chuig an Seimeastar Eorpach.'

RÁITEAS ÓN RÓMÁIN

'Tá forchoimeádais fós ag an Rómáin maidir leis na tagairtí don Chreat um Chóineasú Sóisialta i dtéacs na Tuairime Comhpháirtí agus maidir le húsáid na huirlise sin sa phróiseas iltaobhach faireachais laistigh de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh.

Creidimid i gcónaí gur gá anailís chúramach a dhéanamh ar a mhéid a chuirfeadh an creat nua seo feabhas suntasach ar shainaithint na ndúshlán a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos.

Is fearr linn cur chuige cuíchóirithe lena seachnófaí ualaí breise riaracháin agus forluí féideartha leis na sásraí faireacháin nó tuairiscithe atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

I bhfianaise an mhéid thuas, ní hionann formhuiniú na Tuairime seo agus ár gcomhaontú maidir le cur chun feidhme an Chreata um Chóineasú Sóisialta atá beartaithe laistigh de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh."

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN SPÁINN, ÓN mBEILG AGUS ÓN UNGÁIR

'Ba mhaith leis na trí Uachtaránacht - an Spáinn, an Bheilg agus an Ungáir - a mheabhrú nach ionann formhuiniú na tuairime comhpháirtí seo agus formhuiniú foirmiúil an Chreata um Chóineasú Sóisialta ann féin. Cuireann na hUachtaránachtaí i bhfios go láidir freisin nach bhfuil tacaíocht pholaitiúil i gceist leis an bhformhuiniú sin chun Creat um Chóineasú Sóisialta a ghlacadh.'

RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA ‘A’ A LEAGTAR AMACH

IN 15714/23

**Maidir le mír 3 ar
liosta na míreanna
'A':**

**Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús
(CSDR)
*Glacadh an ghnímh reachtaigh***

RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

‘Tacaíonn Poblacht na Seice go leanúnach le forbairt bhreise an bhonneagair margaidh. Dá bhrí sin, chuireamar fáilte roimh an togra maidir leis an athbhreithniú ar an rialachán maidir le taisclanna lárnacha urrús (RTLÚ), agus thacaíomar leis, ós rud é gur cheart go ndéanadh sé na ceanglais rialála a chuíchóiriú agus faoiseamh a bhfuil géarghá leis a thabhairt ón ualach riaracháin, ualach ar léiríodh nach bhfuil gá leis. Sa chomhthéacs sin, is oth linn a fheiceáil nár baineadh amach an acmhainn iomlán a bhí sa chomhréiteach críochnaitheach agus nár ionchorpraíodh go hiomlán an tréimhse athbhreithnithe 3 bliana le haghaidh na tuarascála a leagtar amach in Airteagal 22. Creidimid go mbeadh cur chuige níos comhréirí inmhianaithe agus tairbheach.

Bhíomar dóchasach agus thar a bheith díograiseach maidir leis an bhféidearthacht socraíocht airgid a dhéanamh maidir le taisclanna lárnacha urrús (CSDanna) le haghaidh airgeadraí nach airgeadraí intíre iad, rud a d’fhéadfadh tuilleadh deiseanna a chur ar fáil chun Aontas na Margái Caipitil a fhorbairt agus tuilleadh infheistíochta trastíre a thairiscint. Mar sin féin, tá srianta substaintiúla tagtha leis an gcomhréiteach deiridh, rud a bheidh ina dhídhreasú ag CSDanna baincéireachta maidir lena a gcuid seirbhísí baincéireachta a thairiscint do CSDanna eile, nó a chuirfidh cosc orthu fiú é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, is oth linn a fheiceáil gur míbhuntáiste eile a bheidh anseo le haghaidh na CSDanna beaga ar deireadh, óir is lú an rochtain a bheidh acu ar shocrú urrús in airgeadraí eile seachas in airgeadraí intíre.’

RÁITEAS ÓN LAITVIA

Tacaíonn an Laitvia le cuspóirí an rialacháin REFIT maidir le CSDanna agus is díol sásaimh di an obair a rinneadh go dtí seo. Aithnímid agus is mór againn na hiarrachtaí a rinne Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne araon maidir le comhréitigh a d’fhéadfadh a bheith ann a lorg. Mar sin féin, tá inní fós ar an Laitvia maidir leis an bhfoclaíocht atá faoi láthair ar Airteagal 54(4a), foclaíocht a d’fhéadfadh éagothroime iomaíochta a chruthú i measc CSDanna baile agus aíochta agus is é ár dtuairim go bhfuil sé contrártha le cuspóir an rialacháin REFIT maidir le CSDanna bacainní ar sholáthar trasteorann seirbhísí CSDanna a leachtú, dá bhrí sin nílimid in ann tacú leis an téacs comhréitigh críochnaitheach.

Leis an bhfoclaíocht atá ar Airteagal 54(4a) faoi láthair, ní cheadófaí do CSD a bheadh údaraithe chun croisheirbhísí CSD a sholáthar trí bhrainte i mBallstát eile nach ionann an t-airgeadra ann agus airgeadra Ballstáit ina bhfuil an TLÚ bunaithe chun idirbhearta in airgead bainc tráchtála a shocrú in airgeadra na tíre baile. Cuireann an Laitvia in iúl go bhféadfadh sé nach bhféadfaí socraíocht a dhéanamh in airgead bainc ceannais agus cuntas le banc ceannais tíre baile á úsáid mar gheall ar chúiseanna eile atá lasmuigh de bheartas rochtana na mbanc ceannais, agus go bhféadfadh srianta eile a bheith i bhfeidhm nach gceadódh socraíocht a fhorghníomhú in airgead bainc ceannais le cuntais de chuid bhanc ceannais na tíre ina bhfuil an CSD bunaithe.

Ba mhaith leis an Laitvia a chur in iúl gurb é cuspóir RTLU deireadh a chur le bacainní iomaíochta i measc CSDanna an Aontais. Mar sin féin, leis an bhfoclaíocht atá in Airteagal 54(4a) faoi láthair, tá an bonn á bhaint den chuspóir sin trí bhacainní a thabhairt isteach ar sholáthar trasteorann CSDanna. Thairis sin, cruthaíonn sé míchothrom iomaíochta do dhá CSD a sholáthraíonn seirbhísí sa tír chéanna, ceann amháin mar CSD intíre agus ann ceann eile mar CSD trasteorann, cé go mbeadh cead ag an CSD intíre idirbhearta a shocrú san airgeadra céanna in airgead bainc tráchtála, ach nach gceadófaí don CSD trasteorann an méid sin a dhéanamh.

Chun baint amach spriocanna an rialacháin REFIT maidir le CSDanna a éascú, ba mhaith leis an Laitvia a mholadh go ndéanfaí leasuithe a thabhairt isteach ar théacs comhréitigh an rialacháin REFIT maidir le CSDanna ionas go n-áiritheofaí nach gcruthófar bacainní do CSD a mbeadh brainse i mBallstát eile aige agus a oibríonn córas socraíochta urrús arna rialú ag dlí an Bhallstáit aíochta chun socrú a dhéanamh in airgeadra nach airgeadra intíre é don SSS sin in airgead bainc tráchtála, i gcás nach féidir an tsocraíocht in airgead bainc ceannais a shocrú.’

Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A': **An Rialachán lena mbunaítear an Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)**
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

‘Aithníonn Poblacht na Bulgáire go bhféadfadh Pointe Rochtana Aonair Eorpach rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach. Chun go mbeidh rath ar an bpointe rochtana aonair Eorpach, áfach, creidimid go bhfuil tábhacht le cur chuige dea-chalabraithe a áirithiú maidir leis an ardán a chur ar bun i dtéarmaí raon feidhme na faisnéise atá le soláthar, mar aon leis an uainiú agus na costais. Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach faisnéis a chur san áireamh le pointe rochtana aonair Eorpach atá ábhartha d’infheisteoirí agus nach mó na costais a bhaineann lena foilsiú ná na tairbhí.

Tuigtear dúinn, tar éis plé críochnúil a bheith déanta gníomh ar ghníomh go raibh tairbhe ann ach tuilleadh measúnaithe agus feabhsuithe a bheith déanta ar chodanna áirithe den togra chun ualach míchuí agus costais mhíchuí ar eintitis agus ar chomhlachtaí bailithe araon a sheachaint.

Is sampla de na codanna sin iad na leasuithe atá beartaithe sa Treoir Omnibus maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach i ndáil leis an Treoir Chuntasaíochta agus an Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais. Cuireann na Leasuithe ar an Treoir Chuntasaíochta oibleagáid dhíríreach ar chuideachtaí neamhliostaithe tuarascálacha airgeadais a fhoilsiú sa phointe rochtana aonair Eorpach. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhorálacha bíonn an fhaisnéis chéanna curtha isteach faoi dhó ag na heintitis chéanna – mar shampla, bheadh ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a chur faoi bhráid an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh ar bhonn na Treorach um Thrédhearcacht agus na Treorach Cuntasaíochta araon, chuig dhá chomhlacht bailithe éagsúla, seans, rud nach n-urramódh an prionsabal ‘comhdú aonuaire’. I bhfianaise na Treorach maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, bheadh na ceanglais ar chuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí fais FBManna ag teacht salach ar an gcuspóir rochtain FBManna ar mhargaí caipitil a éascú.

Tacaímid le cuspóirí an phointe rochtana aonair Eorpaigh ach inár dtuairim féin, ba cheart ionramháil níos fearr a bheith déanta ar ghnéithe áirithe den togra.’

**Maidir le mír 5 ar
liosta na míreanna
'A':**

**An Treoir leasaitheach omnibus maidir leis an bPointe Rochtana
Aonair Eorpaigh (ESAP)
*Glacadh an ghnímh reachtaigh***

RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

‘Aithníonn Poblacht na Bulgáire go bhféadfadh Pointe Rochtana Aonair Eorpach rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach. Chun go mbeidh rath ar an bpointe rochtana aonair Eorpach, áfach, creidimid go bhfuil tábhacht le cur chuige dea-chalabraithe a áirithiú maidir leis an ardán a chur ar bun i dtéarmaí raon feidhme na faisnéise atá le soláthar, mar aon leis an uainiú agus na costais. Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach faisnéis a chur san áireamh le pointe rochtana aonair Eorpach atá ábhartha d’infheisteoirí agus nach mó na costais a bhaineann lena foilsiú ná na tairbhí.

Tuigtear dúinn, tar éis plé críochnúil a bheith déanta gníomh ar ghníomh go raibh tairbhe ann ach tuilleadh measúnaithe agus feabhsuithe a bheith déanta ar chodanna áirithe den togra chun ualach míchuí agus costais mhíchuí ar eintitis agus ar chomhlachtaí bailithe araon a sheachaint.

Is sampla de na codanna sin iad na leasuithe atá beartaithe sa Treoir Omnibus maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach i ndáil leis an Treoir Chuntasaíochta agus an Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais. Cuireann na Leasuithe ar an Treoir Chuntasaíochta oibleagáid dhíríreach ar chuideachtaí neamhliostaithe tuarascálacha airgeadais a fhoilsiú sa phointe rochtana aonair Eorpach. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhorálacha bíonn an fhaisnéis chéanna curtha isteach faoi dhó ag na heintitis chéanna – mar shampla, bheadh ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a chur faoi bhráid an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh ar bhonn na Treorach um Thrédhearcacht agus na Treorach Cuntasaíochta araon, chuig dhá chomhlacht bailithe éagsúla, seans, rud nach n-urramódh an prionsabal ‘comhdú aonuaire’. I bhfianaise na Treorach maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, bheadh na ceanglais ar chuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí fáis FBManna ag teacht salach ar an gcuspóir rochtain FBManna ar mhargaí caipitil a éascú.

Tacaímid le cuspóirí an phointe rochtana aonair Eorpaigh ach inár dtuairim féin, ba cheart ionramháil níos fearr a bheith déanta ar ghnéithe áirithe den togra.’

**Maidir le mír 6 ar
liosta na míreanna
'A':**

**An Rialachán leasaitheach omnibus maidir leis an bPointe Rochtana
Aonair Eorpaigh (ESAP)
*Glacadh an ghnímh reachtaigh***

RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

‘Aithníonn Poblacht na Bulgáire go bhféadfadh Pointe Rochtana Aonair Eorpach rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach. Chun go mbeidh rath ar an bpointe rochtana aonair Eorpach, áfach, creidimid go bhfuil tábhacht le cur chuige dea-chalabraithe a áirithiú maidir leis an ardán a chur ar bun i dtéarmaí raon feidhme na faisnéise atá le soláthar, mar aon leis an uainiú agus na costais. Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach faisnéis a chur san áireamh le pointe rochtana aonair Eorpach atá ábhartha d’infheisteoirí agus nach mó na costais a bhaineann lena foilsiú ná na tairbhí.

Tuigtear dúinn, tar éis plé críochnúil a bheith déanta gníomh ar ghníomh go raibh tairbhe ann ach tuilleadh measúnaithe agus feabhsuithe a bheith déanta ar chodanna áirithe den togra chun ualach míchuí agus costais mhíchuí ar eintitis agus ar chomhlachtaí bailithe araon a sheachaint.

Is sampla de na codanna sin iad na leasuithe atá beartaithe sa Treoir Omnibus maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach i ndáil leis an Treoir Chuntasaíochta agus an Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais. Cuireann na Leasuithe ar an Treoir Chuntasaíochta oibleagáid dhíríreach ar chuideachtaí neamhliostaithe tuarascálacha airgeadais a fhoilsiú sa phointe rochtana aonair Eorpach. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhorálacha bíonn an fhaisnéis chéanna curtha isteach faoi dhó ag na heintitis chéanna – mar shampla, bheadh ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a chur faoi bhráid an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh ar bhonn na Treorach um Thrédhearcacht agus na Treorach Cuntasaíochta araon, chuig dhá chomhlacht bailithe éagsúla, seans, rud nach n-urramódh an prionsabal ‘comhdú aonuaire’. I bhfianaise na Treorach maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, bheadh na ceanglais ar chuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí fais FBManna ag teacht salach ar an gcuspóir rochtain FBManna ar mhargaí caipitil a éascú.

Tacaímid le cuspóirí an phointe rochtana aonair Eorpaigh ach inár dtuairim féin, ba cheart ionramháil níos fearr a bheith déanta ar ghnéithe áirithe den togra.’
